2024/1662

12.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1662 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1), pointe (b)(ii), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 47(2), an chéad fhomhír, pointe (b), agus Airteagal 54(4), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí bia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus maidir le forchur coinníollacha speisialta lena rialaítear teacht isteach coinsíneachtaí bia agus beatha áirithe san Aontas ó thríú tíortha áirithe mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí, éilliú miocróbach, ruaimeanna na Súdáine, Ródaimín B agus tocsainí plandaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(2) Leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 oibleagáid an Choimisiúin i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta nach faide ná 6 mhí ar na liostaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, chun faisnéis nua a bhaineann le rioscaí do shláinte an duine agus le neamhchomhlíonadh reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh. Áirítear san fhaisnéis nua sin na sonraí a eascraíonn as fógraí a fhaightear tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chomh maith le sonraí agus faisnéis faoi choinsíneachtaí agus torthaí na seiceálacha doiciméadacha, céannachta agus fisiceacha arna ndéanamh ag na Ballstáit agus arna gcur in iúl don Choimisiún.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1793/oj).

(3) Léirítear i bhfógraí a fuarthas le déanaí tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe go bhfuil riosca tromchúiseach ann, bíodh sin díreach nó indíreach, do shláinte an duine a thagann ó bhia nó ó bheatha áirithe. Ina theannta sin, léirítear le rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit sa dara seimeastar in 2023 ar bhia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad gur cheart na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú chun sláinte an duine a chosaint san Aontas.

(4) I ndáil le coinsíneachtaí de d'ubhthorthaí (*Solanum aethiopicum*) ó Bhuircíne Fasó, léirítear i sonraí ó fhógraí ón gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe agus i bhfaisnéis faoi rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn do shláinte an duine, mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a éileamh maidir le teacht isteach an tráchtearra sin ó Bhuircíne Fasó. Dá bhrí sin, ba cheart an tráchtearra sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 20 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(5) Ó bhí mí Eanáir 2019 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar chnónna Brasaíleacha sa bhlaosc agus ar mheascáin de chnónna Brasaíleacha nó torthaí triomaithe ina bhfuil cnónna Brasaíleacha sa bhlaosc ón mBrasaíl mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Níor allmhairíodh na tráchtearraí sin isteach san Aontas le breis agus 3 bliana. Dá bhrí sin, ba cheart a n-iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(6) Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2021 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiseanna talún agus ar tháirgí a tháirgtear as piseanna talún ón mBrasaíl mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na tráchtearraí sin go bhfuil leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais sásúil. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás na dtráchtearraí sin agus ba cheart a n-iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(7) Ó bhí mí Eanáir 2010 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón bPoblacht Dhoiminiceach agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Tá fianaise i dtorthaí na rialuithe sin nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas. Dá réir sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go mbeidh deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach coinsíneacht, deimhniú lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á chomhlíonadh ([4]). Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint ag déanamh rialuithe oifigiúla chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal reatha comhlíontachta. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón bPoblacht Dhoiminiceach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas, i bhfianaise an lín coinsíneachtaí le blianta beaga anuas.

(8) Ó bhí mí Feabhra 2015 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar chnónna coill, ar mheascáin agus ar tháirgí a tháirgtear as cnónna coill ón tSeoirsia mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás na dtráchtearraí sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 20 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(9) Ó bhí mí na Nollaig 2019 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiseanna talún agus ar tháirgí a tháirgtear as piseanna talún ón nGaimbia mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Níor allmhairíodh na tráchtearraí sin isteach san Aontas le breis agus 3 bliana. Dá bhrí sin, ba cheart a n-iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandúil nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den chineál sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj).

(10) Ó bhí mí na Nollag 2019 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiseanna talún agus ar tháirgí a tháirgtear as piseanna talún ó Ghána agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Níor allmhairíodh na tráchtearraí sin isteach san Aontas le breis agus 3 bliana. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint ag déanamh rialuithe chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal reatha comhlíontachta. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le piseanna talún agus táirgí a tháirgtear as piseanna talún ó Ghána i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha á choinneáil ag 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(11) Maidir le coinsíneachtaí de dhuilleoga beitil (*Piper betle L.*) ón India, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó *Salmonella* le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 50 % in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(12) Maidir le coinsíneachtaí de thorthaí ón gcrann moringa (*Moringa oleifera*) ón India, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 30 % in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(13) Pónairí lócaiste (carúb), síolta pónairí lócaiste, nach bhfuil coirtithe, brúite ná meilte, agus gumalachtaí agus tiúsóirí, bídís modhnaithe nó ná bídís, a fhaightear ó phónairí lócaiste nó ó shíolta pónairí lócaiste ón India, tá siad curtha faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine ó bhí mí na Nollag 2021 ann. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na tráchtearraí sin go bhfuil leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais sásúil. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás na dtráchtearraí sin agus ba cheart a n-iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(14) Ó bhí mí Feabhra 2015 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar ghuma guair ón India mar gheall ar an riosca éillithe ó pheinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí agus, ó bhí mí na Nollag 2021 ann, mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar an tráchtearra sin go bhfuil leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais sásúil. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás an tráchtearra sin agus ba cheart a iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(15) Ó bhí mí Eanáir 2022 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar mheascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste nó guma guair, fanaile agus clóibh (an toradh iomlán, na clóibh agus na gais) ón India, agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Le torthaí na rialuithe sin, soláthraítear fianaise nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas agus dá thoradh sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go mbeidh deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach coinsíneacht lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á chomhlíonadh. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint ag déanamh rialuithe chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal reatha comhlíontachta. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha maidir le meascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste nó guma guair, fanaile agus clóibh (an toradh iomlán, na clóibh agus na gais) ón India i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 20 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas, i bhfianaise an lín coinsíneachtaí le blianta beaga anuas.

(16) Ó bhí mí na Nollag 2021 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar núdail ar an toirt ina bhfuil spíosraí/blastanais nó anlainn ón gCóiré Theas mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar an tráchtearra sin go bhfuil leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais sásúil. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás an tráchtearra sin agus ba cheart a iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(17) Ó bhí mí na Nollag 2021 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar *gotukola* (*Centella asiatica*) ó Shrí Lanca mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar an tráchtearra sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna rialuithe sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach an tráchtearra sin san Aontas. Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le hallmhairiú *gotukola* (*Centella asiatica*) ó Shrí Lanca, chomh maith leis an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go sonrach, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le gach coinsíneacht gotukola (*Centella asiatica*) ó Shrí Lanca, deimhniú lena sonraítear go léiríonn torthaí uile na samplála agus na n-anailísí go bhfuil ceanglais an Aontais á gcomhlíonadh. Ba cheart torthaí na samplála agus na n-anailísí a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le *gotukola* (*Centella asiatica*) ó Shrí Lanca in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go pointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(18) Ó bhí mí na Bealtaine 2022 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar mheascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste ón Malaeisia agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine. Tá fianaise i dtorthaí na rialuithe sin a rinne na Ballstáit nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas. Dá réir sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go mbeidh deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach coinsíneacht lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á chomhlíonadh. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint ag déanamh rialuithe chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal reatha comhlíontachta. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le meascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste ón Malaeisia i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 30 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas, i bhfianaise an lín coinsíneachtaí le blianta beaga anuas.

(19) Ó bhí mí na Bealtaine 2020 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar mheascáin spíosraí ón bPacastáin mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás an tráchtearra sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(20) Ó bhí mí Eanáir 2019 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ón bPacastáin mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Níor allmhairíodh an tráchtearraí sin isteach san Aontas le breis agus 3 bliana. Dá bhrí sin, ba cheart a iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(21) Ó bhí mí Eanáir 2019 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiseanna talún agus ar tháirgí a tháirgtear as piseanna talún ón tSúdáin mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Níor allmhairíodh na tráchtearraí sin isteach san Aontas le breis agus 3 bliana. Dá bhrí sin, ba cheart a n-iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(22) Ó bhí mí na Nollag 2021 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar sheadóga ón Tuirc mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás an tráchtearra sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 20 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(23) Pónairí lócaiste (carúb), síolta pónairí lócaiste, nach bhfuil coirtithe, brúite ná meilte, agus gumalachtaí agus tiúsóirí, bídís modhnaithe nó ná bídís, a fhaightear ó phónairí lócaiste nó ó shíolta pónairí lócaiste ón Tuirc, tá siad curtha faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine ó bhí mí na Nollag 2021 ann. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na tráchtearraí sin go bhfuil leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais sásúil. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás na dtráchtearraí sin agus ba cheart a n-iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(24) Ó bhí mí na Bealtaine 2022 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar mheascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste ón Tuirc agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine. Tá fianaise i dtorthaí na rialuithe sin a rinne na Ballstáit nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas. Dá réir sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go mbeidh deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach coinsíneacht lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á chomhlíonadh. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint ag déanamh rialuithe chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal reatha comhlíontachta. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le meascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste ón Tuirc i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 30 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas, i bhfianaise an lín coinsíneachtaí le blianta beaga anuas.

(25) Ó bhí mí Eanáir 2013 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Vítneam mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar an tráchtearra sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna rialuithe sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach an tráchtearra sin san Aontas. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le hallmhairiú piobar den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Vítneam, chomh maith leis an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go sonrach, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le gach coinsíneacht de phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Vítneam, deimhniú lena sonraítear go léiríonn torthaí uile na samplála agus na n-anailísí go bhfuil ceanglais an Aontais á gcomhlíonadh. Ba cheart torthaí na samplála agus na n-anailísí a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Vítneam in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 50 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(26) Ó bhí mí na Nollag 2021 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar núdail ar an toirt ina bhfuil spíosraí/blastanais nó anlainn ó Vítneam mar gheall ar an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar an tráchtearra sin go bhfuil leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais sásúil. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás an tráchtearra sin agus ba cheart a iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh.

(27) Ó bhí mí na Nollag 2019 ann, tá méadú tagtha ar leibhéal na rialuithe oifigiúla ar phiobair den ghéineas *Piper*, torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta* atá triomaithe nó brúite nó meilte, sinséar, cróch, tuirmiric, tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile ón Aetóip, agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás na dtráchtearraí sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(28) Maidir le coinsíneachtaí noitmige (*Myristica fragrans*) ón Indinéis, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a thagann isteach san Aontas a mhéadú go 50 % i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(29) Maidir le coinsíneachtaí noitmige, maicise agus cardamaim ón India, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó ocsaíd eitiléine le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 30 % i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(30) Ó bhí mí Lúnasa 2014 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar fhigí triomaithe, ar mheascáin agus ar tháirgí a tháirgtear as figí triomaithe ón Tuirc agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás na dtráchtearraí sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 20 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(31) Ó bhí mí Lúnasa 2014 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiostáis, ar mheascáin agus ar tháirgí a tháirgtear as piostáis ón Tuirc agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás na dtráchtearraí sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(32) Maidir le coinsíneachtaí de shíolta *Sesamum* ó Uganda, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó *Salmonella* le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 30 % i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(33) Maidir le coinsíneachtaí draigineog ó Vítneam, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 30 % i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(34) Ó bhí mí an Mheithimh 2023 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phiostáis, ar mheascáin agus ar tháirgí a tháirgtear as piostáis ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad agus a sheoltar chuig an Aontas ón Tuirc agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás na dtráchtearraí sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 30 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i bpointe 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(35) Chun go bhféadfar tráchtearraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla méadaithe agus coinníollacha speisialta a shainaithint ar bhealach níos beaichte, is iomchuí foroinn TARIC a shonrú le haghaidh roinnt cóid AC in iontrálacha maidir le *tahini* agus *halva* ó shíolta *Sesamum* ón tSiria agus ó shíolta *Sesamum* ón Tuirc in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus maidir le hubhthorthaí (Solanum melongena) ón bPoblacht Dhoiminiceach agus maidir le síolta *Sesamum* ón Aetóip, ón India, ón Nigéir, ón tSúdáin agus ó Uganda in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(36) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí a seoladh cheana ón tír thionscnaimh nó ó thríú tír eile, i gcás nach ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh, nuair a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh coinsíneachtaí *gotukola* (*Centella asiatica*) ó Shrí Lanca agus le haghaidh coinsíneachtaí de phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Vítneam, ar coinsíneachtaí iad nach ngabhann torthaí na samplála ná na n-anailísí ná aon deimhniú oifigiúil leo. Áirithítear cosaint na sláinte poiblí i gcás na gcoinsíneachtaí sin, ós rud é go bhfuil na tráchtearraí sin faoi réir seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar mhinicíocht 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(37) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú dá réir.

(38) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

Idirthréimhsí

Maidir le coinsíneachtaí *gotukola* (*Centella asiatica*) ó Shrí Lanca agus coinsíneachtaí de phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse), a seoladh chuig an Aontas ón tír thionscnamh, nó ó thríú tír eile i gcás nach ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh, roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1662 ón gCoimisiún (*), féadfaidh siad teacht isteach san Aontas go dtí an 2 Meán Fómhair 2024 gan torthaí na samplála ná na n-anailísí ná aon deimhniú oifigiúil dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 a bheith ag gabháil leo.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1662 ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1662, 12.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1662/oj).';

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus ag pointí rialaithe

Sraith	Tír thionscnaimh	Bia agus beatha (úsáid bheartaithe)	Cód AC [1]	Foroinn TARIC	Guais	Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%)
1	**An Asarbaiseáin (AZ)**	— Collchnónna (*Corylus* sp.), iad sa bhlaosc	0802 21 00		Aflatocsainí	20
		— Collchnónna (*Corylus* sp.), scilligthe	0802 22 00			
		— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna	ex 0813 50 39	**70**		
			ex 0813 50 91	**70**		
			ex 0813 50 99	**70**		
		— Taos collchnónna	ex 2007 10 10	**70**		
			ex 2007 10 99	**40**		
			ex 2007 99 39	**05; 06**		
			ex 2007 99 50	**33**		
			ex 2007 99 97	**23**		
		— Collchnónna, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	ex 2008 19 12	**30**		
			ex 2008 19 19	**30**		
			ex 2008 19 92	**30**		
			ex 2008 19 95	**20**		
			ex 2008 19 99	**30**		
			ex 2008 97 12	**15**		
			ex 2008 97 14	**15**		
